Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14096/17**

**COLAC 120**
**CFSP/PESC 980**
**RELEX 954**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14067/17 COLAC 118 CFSP/PESC 976 RELEX 948 COPS 354 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Veiniséala |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Veiniséala, a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) ag an gcruinniú a bhí aici ar an 13 Samhain 2017.

# CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE VEINISÉALA

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 13 Samhain 2017**

1. Meabhraíonn an tAontas Eorpach (AE) na conclúidí ó Chomhairle mhí Iúil 2016 agus mhí na Bealtaine 2017 agus athdheimhníonn sé nach bhfuil ach bealach amháin inbhuanaithe ann chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim reatha agus freagairt do na riachtanais is mó atá ag muintir Veiniseála − is é sin an t-idirphlé cuiditheach agus an chaibidlíocht chuiditheach. Dá bhrí sin, tá an tAontas réidh tacú le caibidlíocht iontaofa ina mbeidh na gníomhaithe ábhartha uile páirteach, as a dtiocfadh réitigh chomhroinnte ar na dúshláin iomadúla atá sa tír.

2. Le déanaí, bhí toghcháin Ghobharnóireachta an 15 Deireadh Fómhair ar siúl, bhí neamhrialtachtaí iomadúla ann de réir na dtuairiscí, agus níor thug cuid mhaith den lucht freasúra aitheantas do na torthaí. Iarrann an tAontas trédhearcacht iomlán a bheith ann maidir le torthaí na dtoghchán sin trí iniúchóireacht chuimsitheach, neamhspleách. D'fhonn iontaoibh an phobail as toghcháin a athghnóthú, is den tábhacht é próisis iontaofa toghcháin agus cothromaíocht níos fearr i gcomhdhéanamh na Comhairle Náisiúnta um Thoghcháin a áirithiú. Léiríonn an tAontas freisin gur údar imní dó an easpa measa ar na sásraí a leagtar síos sa Bhunreacht maidir le ceapadh agus feidhmiú na rialtóirí nua, lena n-áirítear dícháiliú an ghobharnóra toghaí ar Stát Zulia.

3. Chuir an méid a tharla leis an deighilt pholaitiúil sa tír. Chuaigh cúrsaí chun ainsil do na hinstitúidí daonlathacha, neamhspleácha, nuair a cuireadh Tionól Bunreachta uilechumhachtach ar bun. Athdhearbhaíonn an tAontas nach féidir leis aitheantas a thabhairt don Tionól Bunreachta ná dá chuid gníomhartha siocair gur cúis mhór imní a dhlisteanaí agus a ionadaíoch atá sé. Meabhraíonn an tAontas an tábhacht a bhaineann le hurraim do shainchumais an Tionóil Náisiúnta agus a Chomhaltaí agus do neamhspleáchas na mbreithiúna. Tá tuarascálacha, lena n-áirítear an tuarascáil ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, maidir le sáruithe ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha ina n-ábhar imní breise, mar atá riachtanais phráinneacha an phobail atá ag dul in olcas, ag a bhfuil tionchar ar a gcearta, amhail an ceart chun bia agus an ceart chun sláinte.

4. Sa chomhthéacs sin, i dteannta lena hiarrachtaí polaitiúla agus taidhleoireachta, mar thaca le bealach amach síochánta as an ngéarchéim pholaitiúil trí dul i mbun caibidlíochta, rinne an Chomhairle cinneadh d'aon toil inniu bearta sriantacha a ghlacadh, lena leagtar béim ar a bhfuil ag déanamh imní di faoin staid sa tír. Is éard atá i gceist leo, trádbhac ar airm agus ar ábhar a bhaineann leis sin, a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh brú faoi chois inmheánach, mar aon le creat dlíthiúil le haghaidh toirmeasc taistil agus reo sócmhainní.

5. Bainfear leas as na bearta sin ar bhealach solúbtha, céim ar chéim, agus féadfar iad a leathnú, trí dhíriú orthu siúd atá bainteach le neamh-chomhlíonadh phrionsabail an daonlathais nó an smachta reachta agus le sárú ar chearta an duine. Féadfar na bearta sin a fhreaschur ag brath ar an gcaoi a n-athróidh cúrsaí sa tír, go háirithe, caibidlíocht iontaofa, fhiúntach a bheith ann, an urraim d'institiúidí daonlathacha, féilire iomlán toghcháin a ghlacadh agus gach príosúnach polaitiúil a scaoileadh saor. Rinneadh na bearta sin chun nach ndéanfar díobháil do mhuintir Veiniséala ar mian leis an Aontas an t-anró atá á fhulaingt acu a mhaolú.

6. Is ar Veiniséala féin atá an phríomhfhreagracht deireadh a chur leis an ngéarchéim sa tír. Iarrann an tAontas ar an rialtas an dlisteanacht dhaonlathach a athshlánú go pras, lena n-áirítear saorthoghcháin chóra a bheith ann, agus iarrann an tAontas ar an lucht freasúra leanúint de pháirt a ghlacadh, ar bhealach comhaontaithe, chun réiteach a fháil, trí mheán na caibidlíochta, ar an teannas atá ann faoi láthair, ar son leas na tíre. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé go hiomlán le hiarrachtaí réigiúnacha agus iarrachtaí idirnáisiúnta teacht ar réiteach inbhuanaithe ar an ngéarchéim.